

**INSTITIÚID OIDEACHAIS MARINO
MEASÚNÚ ATRIALACH FAOI THEASTAIS GHAELGE**

**OIRIÚNÚ LE hAGHAIDH CÁILÍOCHTA SA GHAELGE
FÓMHAR, 2017**

An Triail Scríofa - 100 MARC

**Trí huairé an chloig don pháipéar seo (10.00 – 1.00).
Freagair cúig cheist.**

ROINN A

SCRÍBHNEOIREACHT FHEIDHMIÚIL

Freagair Ceist 1 nó Ceist 2

1. Scríobh litir (380-400 focal ar a laghad):
Mar an Príomhoide ar do scoil, scríobh litir chuig an Aire Oideachais agus Scileanna, Sráid Maoilbhríde, Baile Átha Cliath 1 ag gearán faoin gcinneadh atá déanta ag an Aire gan airgead a thabhairt chun clós scoile nua a leagan.
2. Scríobh litir (380-400 focal ar a laghad):
Mar an múinteoir i do scoil atá i gceannas ar ghairdín na scoile, scríobh litir chuig Bainisteoir an ionaid gharraíodóireachta i do cheantar ag gabháil buíochais as plandaí nua a bhronnadh ar an scoil.

(30 marc)

ROINN B

AISTRÍÚCHÁIN

Freagair Ceist 3 agus Ceist 4

3. Aistrigh go Gaeilge:-
 - (a) Avoid the ice, Liam. The footpath is slippery.
 - (b) Síle! Hang up your coat on the rail.
 - (c) It is very dark this morning. Turn on the lights, John.
 - (d) Is that answer right or wrong?
 - (e) Máire! Why weren't you at school yesterday? Have you a note?
 - (f) Now children! Close your lunch boxes and put them in.
 - (g) Caitriona! Did you see what happened?
 - (h) Get the First Aid Box, Niamh.
 - (i) Children! Listen to this please.
 - (j) That you may go safely, Cormac.

(15 marc)

4. Aistrigh go Gaeilge:-

Principal: Excuse me, Ciara. May I speak to you for a minute?

Teacher: You may of course. Come with me. I'm on my way to the playground to collect my class.

Principal: How are you getting on with Sixth Class?

Teacher: I'm very pleased with them so far. They're very bright.

Principal: They are indeed. And they love sport as well.

Teacher: The boys' football team won again yesterday.

Principal: And the girls in that class are very good at basketball.

Teacher: They want to do basketball after school.

Principal: That's what I heard. It would be great if the girls had basketball a couple of evenings every week.

Teacher: I'll do it until Hallowe'en. I'll play myself with them.

(20 marc)

ROINN C

GRAMADACH Freagair Ceist 5

5. Scríobh na freagraí i do fhreagarleabhar:-

An Briathar:

1. A Ailbhe agus a Niamh! (Caith) _____ an bruscar sa bhosca bruscair.
2. A Íde! Ná (ól) _____ an t-uisce go dtí am sosa.
3. Níor (dúisigh) _____ Aonghus go moch inné.
4. Ní (scríobh: siad) _____ sna cóipleabhair gach lá.
5. Ar (tar: tú) _____ ar ais ar an traein aréir?
6. (Rith: sí) _____ i rás, dá mbeadh ceann ar siúl.
7. An (tabhair: tú) _____ aire do na leanaí dom amárach?
8. Nach (feic: sí) _____ *Home of The Year* aréir?
9. (Cabhraigh: sé) _____ liom gach lá.
10. Dá mbeadh ocras air, (críochnaigh: sé) _____ a dhinnéar.
11. (Scríobh: mé) _____ ríomhphost chuige amárach.
12. (Ordaigh) _____ áireamhain nua do shiopa na scoile inné.
13. (Déan) _____ dearmad an fhuinneog sin a dhúnadh gach oíche.
14. Deir Fionnuala (míníonn) _____ sí na frásaí nua gach lá.
15. Dúirt na cailíní (ní fhaca) _____ siad An Príomhoide inné.
16. Dúirt Gráinne (gheobhaidh) _____ sí ticéid don cheolchoirm amárach.
17. Tá an Triail i Labhairt na Gaeilge (déan) _____ aici.
18. Tá na liathróidí go léir (bailigh) _____ ag na páistí.
19. Dá (las: mé) _____ na soilse, d'fheicfínn na comharthaí.
20. Má osclaím an fhuinneog, ní (bí) _____ an seomra ró-the.

An Chopail:

21. Ní (fiaclóir) _____ é Fiachra.
22. Nach (iad) _____ sin na buachaillí is spórtúla?
23. Ar (meicneoir) _____ é d'athair?
24. Ba (í) _____ Fiona an bhanaltra áitiúil.

An tAinmfhocal

25. Tá an (iasc [fir.]) _____ ag snámh san uisceadán.
26. Tá an (áit [bain.]) _____ sin go hálainn.
27. A Bhríd, tá do pheann faoin (cathaoir) _____.
28. Bhí an múinteoir ag caint leis na (páistí) _____.

29. Bíonn na duilleoga go hálainn i lár (an fómhar) _____.
30. Beidh an cluiche ar siúl ag deireadh (an tseachtain) _____.
31. Beidh Cumann (na Tuismitheoirí) _____ ag cabhrú linn.
32. Tá na buachaillí ag glanadh (na boird) _____.

An Aidiacht

33. Is é seo an milseán (is: bog) _____.
34. Bíonn an samhradh (níos: te) _____ ná an fómhar.

An Aidiacht Shealbhach

35. Chuaigh Áine agus (a: deirfiúr) _____ ag siopadóireacht.
36. Ar thug sibh ná nótaí do (bhur: tuismitheoirí) _____?

An Forainm Réamhfhoclach

37. Chuir an Príomhoide fáilte (roimh: sí) _____.
38. A chailíní! Bainigí (de: sibh) _____ bhur gcótaí.

Suas, Thuas, Anuas; Síos, Thíos, Aníos

39. A Shíle! Tá an bainne thíos ag an bpríomhdhoras. An rachaidh tú _____ chun é a fháil?

Isteach, Istigh; Amach, Amuigh

40. Tá sé go hálainn amuigh. Rachaidh na páistí _____ go dtí an clós ag am sosa.

Uimhreacha

41. Scríobh i bhfocail: Rang 3: _____.
42. Tá (9 oráiste) _____ sa bhosca.
43. Tá Tomás sa Chéad (Bliain) _____ san ollscoil.
44. Beidh triúr (múinteoir) _____ ag dul ar an turas scoile.

Gramadach an Bhriathair

45. Scríobh an aimsir chaite, an fhoirm dhearfach, an dara pearsa iolra den bhriathar 'buail'.

46. Scríobh an aimsir láithreach, an fhoirm dhiúltach, an chéad phearsa uatha den bhriathar 'cuimhnigh'.

47. Scríobh an t-ainm briathartha den bhriathar 'abair'.

48. I dtéarmaí gramadaí, mínigh 'thiocfá'.

49. I dtéarmaí gramadaí, mínigh 'd'éist siad'.

50. I dtéarmaí gramadaí, mínigh 'óltar'.

(25 marc)

ROINN D

LÉAMHTHUISCINT Freagair Ceist 6 nó Ceist 7

6. Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair i d'fhocail féin na ceisteanna a ghabhann leis:-

Sliocht, atá curtha in oiriúint, as *Turas Éireann*, le Lorcán Ó Treasaigh, An Clóchomhar, 1997, 14-16.

‘Tá aon gheal-chontae in Éirinn, le cuimhní tá glórmhar gan ghruaim, ó bheirtear i gceartlár a chroí ann, torthaí ár dtír’ glais’ go buan...’

Duine ar bith a raibh sé d’ádh air nó uirthi Bridie Gallagher a chloisteáil agus í ag teilgean an amhráin sin thuas, ‘Buachaillí Ard Mhacha,’ uaithi ag deireadh na gcaogaidí, tá an ceol is na focail greanta go buan ar a (h)aigne...

Ní gá dom a rá gur in Ard Mhaca atá mé is go mbeidh tamall eile sula bhfeicfidh mé a bhfuil ar fáil sa chontae stairiúil torthúil álainn...

‘Mo chnocán aoibhinn,’ a thug Naomh Pádraig ar Ard Mhacha agus thóg sé séipéal ar an gcnoc ar a seasann an Ardeaglais Anglacánach anois. Tá Brian Ború curtha sa reilig ansin...

Ar an gcnoc thall tá an Ardeaglais Chaitliceach ar tosaíodh ar a tógáil sa bhliain 1840. Curtha sa reilig ansin tá an Cairdinéal Tomás Ó Fiaich, staraí, fear teanga, Gael, Eorpach, taistealaí, amhránaí agus comhluadar den scoth. Mura roinneann Brian Ború agus Tomás Ó Fiaich an reilig chéanna is fíor go mba iad a dhá shochraid ó Bhaile Átha go hArd Mhacha an dá shochraid ba mhó riamh is na daoine ina mílte ar dhá thaobh an bhóthair an bealach ar fad ó thuaidh. Bíodh go raibh naoi gcéad seachtó bliain idir an dá bhás...

Imrítear cluiche sa chontae seo a gceapfaí, b’fhéidir, go raibh cóipcheart ag muintir Chorcaí air. An cluiche bollaí atá i gceist agus is minic duine de ‘Bhuachaillí Ard Mhacha’ ina churadh náisiúnta.

In oirthuaisceart an chontae tá an áit a dtugtar Úllord na hÉireann air...Ardú croí do dhuine ar bith an fhéile i Mí na Bealtaine a dtugtar Domhnach na mBláthanna Úill air nuair a bhíonn gach crann faoi bhláth, an ghrian á gcothú, na beacha á bpailniú is boladh cumhra ar an aer.

Tamaillín gearr ó chathair Ard Mhacha casaimid leis an dún ar chnoc, Eamhain Macha... Ón gcnoc sin, tá an contae ar fad ag síneadh ó dheas uait chomh fada le Sliabh gCuillinn. Le radharc na súl ó neart na samhlaíochta tig leat an tír chnocánach ghlas a shú isteach is a choinneáil i do chroí don lá sin nach mbíonn tú róshásta leis an saol...

Is nach deacair imeacht ón gcontae seo. B’fhéidir gur fearr an deireadh a fhágáil ag Bridie Gallagher ó bhí an tús aici:

‘S nach cuma dom cá siúlaim, trí bhailte móra breátha, tá mo chroíse fanta in Éirinn, i gContae breá Ard Mhacha.’

Buntuisicint:

1. Cén teideal atá ar an amhrán a bhfuil véarsa de luaite ag tús an tsleachta?
2. Cén áit in Ard Mhacha a bhfuil Brian Ború curtha?
3. Lasmuigh d’Ard Mhacha, cén contae eile ina n-imrítear an cluiche bollaí?

Tuisicint liteartha:

1. Conas go bhfuil a fhios agat go raibh meas ag na daoine ar an gCairdinéal Tomás Ó Fiaich?
2. Cén fhéile a bhíonn ar siúl in oirdheisceart Chontae Ard Mhacha ag tús an tsamhraidh?

(10 marc)

7. Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair i d'fhocail féin na ceisteanna a ghabhann leis:-

Sliocht atá curtha in oiriúint as *Cathal* (Úrscéal d'Fhoghlaimeoirí), le hAoine Ní Dhufaigh, An Gúm, 2012, 17-18.

Ach cé go raibh Cathal ag dul i dtaithí ar a shaol nua faoin tuath ní raibh sé sásta. Bhí an teach nua go hálainn – go háirithe a sheomra codlata féin i mbarr an tí. Bhí na bóithríní agus an tírdhreach go hálainn, agus bhí a bhuaile bheag féin aimsithe ag Cathal ina gcaitheadh sé cuid mhór ama. Bhí an aimsir go hálainn fiú. Ach, fós féin, ní raibh Cathal ag baint sásamh ar bith as an saol.

D'airigh sé uaidh a chairde in Ard Aidhin. Bhraith sé uaidh na turais go dtí lár na cathrach ag deireadh na seachtaine, na cluichí iománaíochta agus sacair lena sheanchairde agus na seisiúin traenála leis an gclub dornálaíochta. Bhraith se uaidh an siopa milseán thíos ag an gcoirnéal a bhíodh oscailte go moch ar maidin agus go deireanach tráthnóna. Is ea, bhí Cathal ag éirí níos uaigní in aghaidh an lae.

Bhí socrú déanta le fada go dtiocfadh duine dá chairde, Fiachra, ar cuairt deireadh seachtaine éigin i rith an tsamhraidh ach cuireadh stop leis an bplean sin nuair a rug a thuismitheoirí ar Fhiachra ag caitheamh toitíní ina sheomra codlata! Ní ligfí isteach sa chathair anois é, gan trácht ar ligean dó dul go Gaillimh.

Thall i Londain a bhí cara eile dá chuid, Colm, agus é ag caitheamh saoire an tsamhraidh lena dhaid, mar a rinne sé gach samhradh ó scar a thuismitheoirí trí bliana roimhe sin. Bhí an-chraic go deo aige de réir cosúlachta agus é ag gabháil thart le col ceathracha a bhí cuid mhaith níos sine ná é féin. Ní thiocfadh sé abhaile nó go mbeadh sé in am filleadh ar an scoil.

Agus b'in rud arbh fhearr le Cathal gan cuimhneamh uirthi beag ná mór dá bhféadfadh sé é. Bhí an-drogall go deo air a bheith ag tosú i scoil nua, áit nach raibh aithne aige ar dhuine ar bith. Ní bheadh se ag freastal ar an meánscoil sa bhaile ba ghaire dóibh ach ar ghaelscoil i gcathair na Gaillimhe. Bheadh turas fada bus le déanamh aige gach maidin agus tráthnóna.

‘Ach cén fáth nach féidir liom a ghabháil in éineacht leatsa sa charr?’ a d'fhiafraigh sé dá mháthair.

‘Ní hiad na huaireanta oibre céanna a bhíonn agam gach seachtain,’ arsa Eimear. ‘Ní theastaíonn uaim go mbeidh tú ag fánaíocht thart sa bhaile mór ag fanacht liomsa tar éis na scoile.’

Agus b'in sin! Bhí leabhrán eolais na scoile léite aige agus níor cheap sé mórán de. Thug sé faoi deara nár mar a chéile an rogha ábhar sa scoil nua agus ina sheanscoil, Scoil Sheosaimh. Agus dá bhfeicfeá an chulaith scoile a bhí acu!

Buntuisctint:

1. Cén áit sa teach a raibh seomra codlata Chathail?
2. Sular bhog Cathal faoin tuath, cá mbíodh cónaí air?
3. Cé leis a raibh Colm ag fanacht agus é i Londain?

Tuisctint liteartha:

1. Cén fáth nár tugadh cead d'Fhiachra dul ar cuairt chuig Cathal?
2. Cén fáth a raibh máthair Chathail ag iarraidh ar Chathal dul ar scoil i nGaillimh ar an mbus seachas sa charr?

(10 marc)